An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Meán Scoil Mhuire
Longford, County Longford

Uimhir rolla: 63760E

Dáta na cigireachta: 2 Márta 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	1 agus 2 Márta 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Cruinniú le comhordaitheoir an ábhair • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga	• Idirghníomhaíocht leis na scoláirí • Athbhreithniú ar shamplaí d'obair na scoláirí agus ar shamplaí dá ndialanna scoile • Aiseolas do mhúinteoirí aonair • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith nó go han-mhaith in os cionn leath de na ranganna agus bhí sé lag nó cuibheasach sa bhfuílleach.
- Bhí ionchais arda ag na múinteoirí i dtromlach na ranganna d'fhoghlaim na scoláirí agus léiríonn athbhreithniú ar shonraí scrúduithe teistiméireachta leibhéil rannpháirtíochta na scoláirí ag an ardleibhéal agus a ngnóthachtáil thar na leibhéil a bheith an-mhaith.
- Tá cleachtais mheasúnaithe na roinne an-mhaith agus tugtar aitheantas do na príomhscileanna teanga.
- Tá stádas an-ard ag an nGaeilge sa scoil agus cuirtear go leor deiseanna ar fáil do na scoláirí chun a dtaithí ar an teanga agus ar an gcultúr a fhorbairt lasmuigh de ranganna foirmeálta.
- Tá roinnt de na ranganna roinnte idir múinteoirí ach ní raibh fianaise air seo sna doiciméid phleanála.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go mbeadh na pleananna bunaithe ar na siollabais agus go leagfaí amach creat de na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla san fhoghlaim i gcás gach bliainghrúpa.
- Moltar monatóireacht agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleananna agus cuntas ar na gníomhaíochtaí seo a nótáil sna doiciméid mar is cuí.
- Moltar nach mbeadh níos mó ná múinteoir amháin i mbun aon ranga.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do chailíní is ea Meán Scoil Mhuire. Tá an scoil suite i mbaile Longfoirt agus tá 595 scoláire ar an rolla. Soláthraíonn an scoil an Idirbhliain ar bhonn roghnach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith nó go han-mhaith in os cionn leath de na ranganna agus bhí sé lag nó cuibheasach sa bhfuílleach.
- I dtromlach na gcásanna, bhí ionchais arda ach ag leibhéal oiriúnach, ag na múinteoirí d'fhoghlaim na scoláirí.
- Úsáideadh modhanna agus straitéisí teagaisc agus foghlama i bhformhór na ranganna a bhí éifeachtach toisc gur thacaigh siad le forbairt na foghlama ag leibhéil dhifriúla cumais agus gur fhreastail siad ar stíleanna foghlama difriúla.
- I gcás an mhionlaigh, níor éirigh leis na modhanna agus straitéisí a úsáideadh toisc nach raibh struchtúr na hoibre cinnte agus nach raibh fócas cruinn go leor ar an bhfoghlaim a bhí le déanamh.
- Ag tús formhór na ranganna roinneadh an t-ábhar leis na scoláirí. Ní mór an cleachtas seo a fhorbairt tuilleadh ionas, mar a rinneadh i gcás amháin, gurb amhlaidh a chuirfí in iúl do na scoláirí a mbeadh siadsan ábalta a dhéanamh nó a mbeadh foghlamtha acu mar thoradh ar obair an ranga agus go bhfillfí orthu sula gcríochnódh an rang.
- Déantar cúram ar bhonn leanúnach d'fheasacht teanga na scoláirí tríd an ngramadach agus trína gcruinneas foghraíochta a fhorbairt.
- An Ghaeilge amháin a bhí in úsáid i bhformhór na ranganna agus i roinnt mhaith cásanna agus na scoláirí ag obair le chéile. Maidir leis an mionlach áfach, bhí mar thoradh ar úsáid an aistriúcháin gurb é an Béarla ba mhó a bhí le cloisteáil ó na scoláirí.
- Baineadh úsáid an-mhaith as an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide i bhformhór na ranganna chun scafall a thacaigh lena gcuid foghlama a sholáthar do na scoláirí.
- Bhí iompraíocht na scoláirí sna ranganna ar fad an-mhaith agus tugadh an-mholadh dóibh.
- Úsáideadh ceistiúchán go rialta le linn na ranganna chun an fhoghlaim a sheiceáil. Maidir le roinnt cásanna, moltar an ghné seo a fhorbairt agus cur le réimse na gceisteanna ó thaobh dúshláin agus stíle de.
- Tá cleachtais an-mhaith measúnaithe in úsáid a chuimsíonn na ceithre phríomhscil teanga.
- Thar tréimhse de bhlianta is léir leibhéil rannpháirtíochta na scoláirí ag an ardleibhéal agus a ngnóthachtáil sna scrúduithe teistiméireachta a bheith an-mhaith.
- Ní léiríonn dialanna na scoláirí go dtugtar obair bhaile go rialta. Aithníonn na múinteoirí agus an bhainistíocht nach mór dul i ngleic leis an ngné seo den obair mar chuid den athbhreithniú reatha ar an bpolasaí obair bhaile.
- Seiceáltar agus déantar monatóireacht rialta ar obair scríofa na scoláirí ach ní mór ceartúcháin a thabharfadh treoir ar bhealaí chun a gcuid oibre a fheabhsú a dhéanamh ar an obair scríofa ar bhonn níos rialta.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá stádas an-ard ag an nGaeilge mar chuid de churaclam na scoile agus cuirtear polasaí Gaeilge na scoile i bhfeidhm mar a léirigh a húsáid i dtimpeallacht na scoile.
- Déanann an bhainistíocht i gcomhar leis an bhfoireann soláthar an-mhaith d'imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a chur ar fáil le linn na scoilbhliana.
- Tá an méid ama a chuirtear ar fáil don Ghaeilge, go háirithe sa chúigiú agus sa séú bliain, an-mhaith.
- Seachas an dara bliain, mar a mbíonn leath dá ranganna acu ar lá amháin, tá dáileadh na dtréimhsí ranga le linn na seachtaine sásúil. Moltar don bhainistíocht a chinntiú go mbeadh dáileadh cuí ar na ranganna i gcás gach rang-ghrúpa.
- Tá tromlach na múinteoirí lán-cháilithe chun an Ghaeilge a mhúineadh agus a n-inniúlacht sa Ghaeilge chun críche teagaisc sásúil. Moltar don bhainistíocht a chinntiú go mbeadh gach múinteoir ar a ndáiltear ranganna Gaeilge lán-cháilithe.
- Tá roinnt de na ranganna roinnte sa tslí is go mbíonn tréimhse ranga nó dhó acu le múinteoir amháin agus an chuid eile le múinteoir eile. Ní dea-chleachtas é seo agus moltar go láidir don bhainistíocht a leithéid de shocrú a sheachaint.
- Níl polasaí measúnaithe ag an roinn ná ag an scoil. Moltar go gcuirfí an riachtanas seo san áireamh san athbhreithniú ar an bpolasaí obair bhaile.
- Tá soláthar an-mhaith áiseanna agus acmhainní ar fáil chun tacú le múineadh agus foghlaim na Gaeilge.
- Moltar go láidir don bhainistíocht athbhreithniú a dhéanamh ar líon na bhfógraí a chraoltar ón oifig le linn na ranganna.
- Tá díolúine ag ocht faoin gcéad den rollachán ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Tuairiscíodh go dtagann líon beag scoláirí chuig an scoil agus díolúine neamhoifigiúil acu ón mbunscoil, rud nach bhfuil ag teacht le treoracha na Roinne.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Déantar comhordaitheoireacht éifeachtach ar obair na roinne. Moltar go nglacfadh múinteoirí an ról ar feadh tréimhse trí bliana.
- Leagtar clár cuimsitheach amach do chruinnithe na roinne, plé ar ábhar na gcúrsaí forbartha leanúnaí gairmiúla san áireamh.
- Ar mhaithe le forbairt phlean an ábhair a threorú, moltar, ag teacht leis an téarma comhordaitheoireachta atá molta, go gcomhaontódh na múinteoirí Gaeilge spriocanna forbartha agus go leagfadh siad plean gnímh, le spriocdhátaí, amach do gach sprioc. Ba cheart an plean gnímh a úsáid chun féin-mheasúnú ar obair na roinne a stiúradh.
- Bhain cáilíocht mhaith le plean an ábhair. Cé go raibh pleananna do bhliainghrúpaí difriúla leagtha amach in aghaidh an téarma, bhí cuid acu ceangailte ró-dhlúth le caibidil agus le leathanaigh i dtéacsleabhair. Moltar go mbeadh na pleananna bunaithe ar na

siollabais agus, bunaithe ar na feidhmeanna teanga, go leagfaí amach creat de na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla san fhoghlaim do gach bliainghrúpa.

- Cé go raibh roinnt de na ranganna roinnte idir múinteoirí, ní raibh aon chuntas ar shocrú mar seo sa phlean don ábhar.
- Ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar cur i bhfeidhm na bpleananna, nasctha leis an measúnú ar an bhfoghlaim, agus torthaí na hoibre seo a nótáil sna doiciméid mar is cuí.
- Bhí pleanáil agus ullmhúchán d'fhormhór na ranganna an-maith, le hacmhainní ullmhaithe ag múinteoirí féin nó dea-roghnaithe.
- Bhí cuntas an-mhaith ar dhul chun cinn na foghlama á choimeád i bhformhór na gcásanna.
- Tá pleananna faoi réir chun an Ghaeilge a chur san áireamh arís sna scrúduithe aistrithe scoile. Mar chuid den réamhullmhúchán i bhforbairt an scrúdaithe seo, moltar dul i gcomhairle le *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge* agus le múinteoirí na ranganna sinsearacha i mbunscoileanna friothálacha.
- Tá tús maith curtha ag an roinn le straitéisí uimhearthachta agus litearthachta a fhorbairt agus a chomhtháthú sna pleananna d'fhoghlaim na Gaeilge.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt

Foilsithe Samhain 2012